Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**13028/25**

**CDR 67**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na Cróite, de Choiste na Réigiún - Glacadh |

1. I litir dar dháta an 18 Meitheamh 2025[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Nikola DOBROSLAVIĆ, comhalta de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar dá bhun a ceapadh é.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 10537/25.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Nikola DOBROSLAVIĆ, mhol Rialtas na Cróite Nikola DOBROSLAVIĆ[2], ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *član Županijske skupštine Dubrovačko-neretvanske županije* (Comhalta de Thionól Réigiúnach chontae Dubrovnik-Neretva), a athcheapadh mar chomhalta de Choiste na Réigiún, ar bhonn sainordú náisiúnta éagsúil, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n- aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 13026/25 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[2] 12362/25.